Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Iúil 2023
(OR. en)

**11503/23**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0228(COD)**

**AGRI 384**
**AGRILEG 127**
**SEMENCES 29**
**PHYTOSAN 41**
**FORETS 80**
**CODEC 1324**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 415 IARSCRÍBHINNÍ 1 go 8 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/105/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 415 IARSCRÍBHINNÍ 1 go 8.

Faoi iamh: COM(2023) 415 IARSCRÍBHINNÍ 1 go 8

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.7.2023
COM(2023) 415 final

ANNEXES 1 to 8

# IARSCRÍBHINNÍ

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/105/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise)**

{SEC(2023) 414 final} - {SWD(2023) 410 final} - {SWD(2023) 414 final} - {SWD(2023) 415 final}

**IARSCRÍBHINN I**

**LIOSTA DE SPEICIS CHRAINN AGUS HIBRIDÍ SAORGA**

*Abies alba* Mill.

*Abies cephalonica* Loud.

*Abies grandis* Lindl.

*Abies pinsapo* Boiss.

*Acer platanoides* L.

*Acer pseudoplatanus* L.

*Alnus glutinosa* Gaertn.

*Alnus incana Moench.*

*Betula pendula* Roth.

*Betula pubescens* Ehrh.

*Carpinus betulus* L.

*Castanea sativa* Mill.

*Cedrus atlantica* Carr.

*Cedrus libani* A. Richard

*Fagus sylvatica* L.

*Fraxinus angustifolia* Vahl.

*Fraxinus excelsior* L.

*Larix decidua* Mill.

*Larix x eurolepis* Henry

*Larix kaempferi* Carr.

*Larix sibirica* Ledeb.

*Picea abies* Karst.

*Picea sitchensis* Carr.

*Pinus brutia* Ten.

*Pinus canariensis* C. Smith

*Pinus cembra* L.

*Pinus contorta* Loud

*Pinus halepensis* Mill.

*Pinus leucodermis* Antoine

*Pinus nigra* Arnold

*Pinus pinaster* Ait.

*Pinus pinea L.*

*Pinus radiata* D. Don

*Pinus sylvestris* L.

*Populus* spp. agus hibridí saorga idir na speicis sin

*Prunus avium* L.

*Pseudotsuga menziesii* Franco

*Quercus cerris* L.

*Quercus ilex* L.

*Quercus petraea* Liebl.

*Quercus pubescens* Willd.

*Quercus robur* L.

*Quercus rubra* L.

*Quercus suber* L.

*Robinia pseudoacacia* L.

*Tilia cordata* Mill.

*Tilia platyphyllos* Scop.

## IARSCRÍBHINN II

## CEANGLAIS MAIDIR LE FORMHEAS BUNÁBHAR ATÁ BEARTAITHE LE HAGHAIDH THÁIRGEADH ÁBHAIR ATÁIRGTHE FORAOISE DEN CHATAGÓIR 'SAINAITHEANTA DE RÉIR FOINSE'

**A. Ceanglas ginearálta:** Comhlíonfar na ceanglais a leagfaidh na húdaráis inniúla amach leis an bhfoinse síl nó clampa.

**B. Ceanglais shonracha:**

**1. An cineál bunábhair**

Is éard a bheidh sa bhunábhar foinse síl nó clampa atá suite laistigh de réigiún bunáitíochta amháin.

**2. Méid éifeachtach an daonra**

Beidh an fhoinse síl nó an clampa comhdhéanta de ghrúpa crann amháin nó níos mó grúpaí crann. Beidh na crainn sin dáilte go maith agus beidh líon leordhóthanach díobh ann chun éagsúlacht ghéiniteach a chothabháil agus chun crosphailniú leordhóthanach idir na crainn sna foinsí síl nó sna clampaí sin a áirithiú.

**3. Tionscnamh agus réigiún bunáitíochta**

(a) Luafar an réigiún bunáitíochta, an suíomh agus raon domhanleithid, domhanfhaid agus airde na háite/na n- áiteanna a mbailítear an t- ábhar atáirgthe foraoise sa mháistirdheimhniú.

(b) Cinnfidh an t- oibreoir gairmiúil le fianaise stairiúil (leabharliosta, doiciméadacht arna coimeád ag na húdaráis inniúla, institiúidí taighde nó aon eagraíocht eile) nó le modh iomchuí eile (trialacha bunáitíochta), lena n- áirítear teicnící bith- mhóilíneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, cé acu díobh seo atá an bunábhar:

(i) uatheascarthach;

(ii) neamh- uatheascarthach;

(iii) dúchasach;

(iv) andúchasach;

(v) anaithnid.

I gcás bunábhar neamh- uatheascarthach nó andúchasach, luafar tionscnamh an bhunábhair sin má tá sé ar eolas.

Fíoróidh an t- údarás inniúil an fhaisnéis a sholáthraíonn an t- oibreoir gairmiúil.

**4. Saintréithe inbhuanaitheachta**

(a) Beidh na crainn oiriúnaithe do na dálaí aeráide agus éiceolaíocha lena n- áirítear na fachtóirí bitheacha agus aibitheacha atá i réim sa réigiún bunáitíochta.

(b) Beidh na crainn saor, geall leis, ó lotnaidí agus na siomptóim a ghabhann leo.

## IARSCRÍBHINN III

## CEANGLAIS MAIDIR LE FORMHEAS BUNÁBHAR ATÁ BEARTAITHE LE HAGHAIDH THÁIRGEADH ÁBHAIR ATÁIRGTHE FORAOISE DEN CHATAGÓIR 'ROGHNAITHE'

**A. Ceanglas ginearálta:** Déanfaidh an t- údarás inniúil measúnú ar an gclampa i ndáil leis an gcuspóir sonrach dá n- úsáidfear an t- ábhar atáirgthe foraoise agus beidh tionchar iomchuí aige ar na ceanglais a leagtar amach i Roinn B, ag brath ar an gcuspóir sin. Cinnfidh an t- údarás inniúil na critéir roghnúcháin ar bhonn an chuspóra shonraigh maidir le húsáid an ábhair atáirgthe foraoise sin. Léireofar an cuspóir sin i gclár náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann.

**B. Ceanglais shonracha:**

1. **Tionscnamh:** Cinnfear é le fianaise stairiúil (leabharliosta, doiciméadacht arna coimeád ag na húdaráis inniúla, institiúidí taighde nó aon eagraíocht eile) nó le modh iomchuí eile (trialacha bunáitíochta), lena n- áirítear teicnící bith- mhóilíneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, cé acu uatheascarthach/dúchasach nó neamh- uatheascarthach/andúchasach é an clampa nó cé acu atá nó nach bhfuil a thionscnamh ar eolas. I gcás bunábhar neamh- uatheascarthach/andúchasach, luafar an tionscnamh má tá sé ar eolas.

2. **Leithlisiú:** Déanfar clampaí a leithlisiú ag achar leordhóthanach ó chlampaí de dhroch- cháilíocht den speiceas céanna nó ó chlampaí de speiceas gaolmhar ar féidir hibridí a chruthú leis an speiceas i gceist. Tabharfar aird ar leith ar an gceanglas sin i gcás ina bhfuil na clampaí atá timpeall clampaí uatheascarthacha/dúchasacha neamh- uatheascarthach/andúchasach nó i gcás nach bhfuil an tionscnamh ar eolas.

3. **Méid éifeachtach an daonra:** Chun éagsúlacht ghéiniteach a chothabháil agus chun crosphailniú leordhóthanach a áirithiú, beidh na clampaí comhdhéanta de ghrúpa crann amháin nó níos mó grúpaí crann. Beidh na crainn sin dáilte go maith agus beidh líon leordhóthanach díobh i limistéar faoi leith chun éagsúlacht ghéiniteach a chothabháil, chun éifeachtaí neamhfhabhracha ionphórúcháin a sheachaint agus chun crosphailniú leordhóthanach idir na crainn sin a áirithiú.

4. **Aois agus forbairt:** Beidh aois nó céim fhorbartha na gcrann sna clampaí ag aois nó céim fhorbartha gur féidir breithiúnas soiléir a dhéanamh ar na critéir a thugtar le haghaidh roghnú na gcrann sin.

5. **Aonfhoirmeacht:** Taispeánfar sna clampaí gnáthleibhéal éagsúlachta aonair i saintréithe moirfeolaíocha. Bainfear crainn lagmheasa i gcás inar gá.

6. **Saintréithe inbhuanaitheachta:**

   (a) Beidh na clampaí oiriúnaithe do na dálaí aeráide agus éiceolaíocha lena n- áirítear na fachtóirí bitheacha agus aibitheacha atá i réim sa réigiún bunáitíochta.

   (b) Beidh na crainn saor, geall leis, ó lotnaidí agus na siomptóim a ghabhann leo agus beidh siad frithsheasmhach i ndáil le dálaí suímh díobhálacha san áit a mbeidh siad ag fás.

7. **Táirgeadh méide:** Maidir le formheas na gclampaí roghnaithe, beidh an méid adhmaid a tháirgfear níos fearr ná an meánmhéid inghlactha a tháirgtear faoi coinníollacha éiceolaíocha agus bainistíochta comhchosúla de ghnáth.

8. **Cáilíocht an adhmaid:** Cuirfear cáilíocht an adhmaid san áireamh. Is critéar fíor- riachtanach é cáilíocht an adhmaid má úsáidtear an t- ábhar atáirgthe foraoise sa tionscal foraoiseachta chun adhmad, troscán nó laíon a tháirgeadh. Tabharfaidh an t- údarás inniúil aird níos mó ar an gcritéar sin sa chás sin.

9. **Foirm nó nós fáis:** Maidir le crainn i gclampaí, taispeánfaidh siad gnéithe moirfeolaíocha an-mhaith, go háirithe díríocht agus ciorclaíocht an ghais, nós brainsiúcháin fabhrach, méid beag na ngéag agus dea- sciotadh nádúrtha. Anuas air sin, beidh sciar na gcrann gabhlach agus iad siúd a léireoidh snáithe bíseach íseal.

## IARSCRÍBHINN IV

## CEANGLAIS MAIDIR LE FORMHEAS BUNÁBHAR ATÁ BEARTAITHE LE HAGHAIDH THÁIRGEADH ÁBHAIR ATÁIRGTHE FORAOISE DEN CHATAGÓIR 'CÁILITHE'

### 1. Síolghoirt

(a) Formheasfaidh agus cláróidh an t- údarás inniúil cineál agus cuspóir an dearaidh thrasaigh, dearadh trasach clón comhpháirteach nó finte agus leagan amach gort, clóin chomhpháirteacha nó finte, leithlisiú agus suíomh agus aon athrú orthu sin.

(b) Roghnóidh an t- oibreoir gairmiúil clóin chomhpháirteacha nó finte de bharr a saintréithe den scoth agus tabharfaidh sé aird chuí ar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 4 agus 6 go 9 de Roinn B d'Iarscríbhinn III, agus an cuspóir sonrach dá n- úsáidfear an t- ábhar atáirgthe foraoise a leanfaidh á chur san áireamh.

(c) Maidir leis na clóin chomhpháirteacha nó finte, déanfar iad a phlandú nó beidh siad plandaithe de réir plean a bheidh formheasta ag an údarás inniúil agus bunaithe ar bhealach ina mbeifear in ann gach comhpháirt a shainaithint.

(d) Tabharfar tuairisc ar thanú a dhéanfar i síolghoirt in éineacht leis na critéir roghnúcháin a úsáidtear le haghaidh an tanúcháin sin agus clárófar é leis an údarás inniúil.

(e) Bainisteoidh an t- oibreoir gairmiúil síolghoirt agus buanfaidh sé na síolta ar bhealach ina mbainfear amach cuspóirí na síolghort. I gcás síolghort atá beartaithe le haghaidh hibrid saorga a tháirgeadh, cinnfear céatadán na hibridí san ábhar atáirgthe foraoise le tástáil fíorúcháin.

### 2. Máthairchrainn na fine

(a) Roghnóidh an t- oibreoir gairmiúil na crainn tuismitheora de bharr a saintréithe den scoth nó de bharr a mianach comhcheangail. I gcás roghnú bunaithe ar shaintréithe den scoth, tabharfar aird chuí ar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 4 agus 6 go 9 de Roinn B d'Iarscríbhinn III, agus an cuspóir sonrach dá n- úsáidfear an t- ábhar atáirgthe foraoise a leanfaidh á chur san áireamh.

(b) Maidir le cuspóir, dearadh trasach agus córas pailniúcháin, comhpháirteanna, leithlisiú agus suíomh agus aon athrú mór orthu sin, formheasfar agus clárófar iad leis an údarás inniúil.

(c) Maidir le haitheantas, líon agus sciar na gcrann tuismitheora i meascán, formheasfar agus clárófar iad leis an údarás inniúil.

(d) I gcás crainn tuismitheora atá beartaithe le haghaidh hibrid saorga a tháirgeadh, cinnfear céatadán na hibridí san ábhar atáirgthe foraoise le tástáil fíorúcháin.

### 3. Clóin

(a) Beifear in ann clóin a shainaithint óna saintréithe a bheith formheasta agus cláraithe leis an údarás inniúil.

(b) Suífear luach na gclón aonair leis an mbreathnú agus an measúnú cáilíochtúil ar na saintréithe de na clóin sin nó beidh siad léirithe ag turgnamh fada leordhóthanach.

(c) Maidir le bunphlandaí a úsáidtear chun clóin a tháirgeadh, roghnófar iad de bharr a saintréithe den scoth agus tabharfar aird chuí ar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 4 agus 6 go 9 de Roinn B d'Iarscríbhinn III, agus an cuspóir sonrach dá n- úsáidfear an t- ábhar atáirgthe foraoise a leanfaidh á chur san áireamh.

(d) Cuirfidh an t- údarás inniúil srian leis an bhformheas, srian d'uaslíon blianta nó d'uaslíon ramaití táirgthe.

4. **Meascáin chlónacha**

(a) Comhlíonfaidh na meascáin chlónacha na ceanglais a leagtar amach i pointe 3(a), (b) agus (c).

(b) Maidir le haitheantas, líon agus sciar na gclón comhpháirteach i meascán, agus an modh roghnúcháin agus an bunstoc, formheasfar agus clárófar iad leis an údarás inniúil. Beidh éagsúlacht ghéiniteach leordhóthanach i ngach meascán.

(c) Cuirfidh an t- údarás inniúil srian leis an bhformheas, srian d'uaslíon blianta nó d'uaslíon ramaití táirgthe.

## IARSCRÍBHINN V

## CEANGLAIS MAIDIR LE FORMHEAS BUNÁBHAR ATÁ BEARTAITHE LE HAGHAIDH THÁIRGEADH ÁBHAIR ATÁIRGTHE FORAOISE DEN CHATAGÓIR 'TÁSTÁILTE'

1. CEANGLAS LE HAGHAIDH NA DTÁSTÁLACHA UILE

(a) **Ginearálta**

Más clampa é an bunábhar, comhlíonfaidh sé na ceanglais iomchuí a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Más síolgho(i)rt, máthairchrainn na fine, clóin nó meascá(i)n c(h)lónach(a) atá sa bhunábhar, comhlíonfaidh sé na ceanglais iomchuí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV. Cinnfidh an t- údarás inniúil na critéir roghnúcháin bunaithe ar an gcuspóir beartaithe dá n- úsáidfear an t- ábhar atáirgthe foraoise.

Ullmhóidh na hoibreoirí gairmiúla tástálacha arna gcur ar bun chun an bunábhar a fhormheas, leagfaidh siad amach iad agus déanfaidh siad na tástálacha sin. Léirmhíneoidh siad torthaí na dtástálacha sin i gcomhréir le nósanna imeachta a aithnítear go domhanda. I gcás tástálacha comparáideacha, déanfaidh an t- oibreoir gairmiúil comparáid idir an t- ábhar atáirgthe foraoise atá á thástáil le caighdeán formheasta nó réamhroghnaithe amháin ar a dtugtar tuairisc i bpointe 3(b), nó níos mó ná ceann amháin de na caighdeáin sin.

(b) **Saintréithe atá le scrúdú**

(i) Dearfaidh an t- oibreoir gairmiúil tástálacha chun measúnú a dhéanamh ar na saintréithe ábhartha a shonraítear i bpointe (ii) agus tabharfaidh sé iad sin le fios i gcás gach tástála i dtaifid na dtástálacha.

(ii) Tabharfar aird níos mó ar oiriúnú, fás agus fachtóirí bitheacha agus aibitheacha atá tábhachtach. Anuas air sin, déanfar meastóireacht ar shaintréithe eile, a mheastar iad a bheith tábhachtach i bhfianaise an chuspóra shonraigh bheartaithe, i ndáil le dálaí éiceolaíocha an réigiúin ina ndéantar an tástáil lena n- áirítear dálaí aeráide agus éiceolaíocha atá ann faoi láthair agus dálaí aeráide agus éiceolaíocha a réamh- mheastar don todhchaí.

(c) **Doiciméadacht**

Coimeádfaidh an t- oibreoir gairmiúil taifid lena dtabharfar tuairisc ar na suíomhanna tástála, lena n- áirítear an suíomh, aeráid, ithir, úsáid roimhe seo, bunaíocht, bainistíocht agus aon damáiste de bharr fachtóirí aibitheacha/bitheacha. Cuirfidh sé na taifid sin ar fáil don údarás inniúil arna n- iarraidh sin. Taifeadfaidh an t- údarás inniúil aois an bhunábhair agus an ábhair atáirgthe foraoise agus na torthaí tráth na meastóireachta.

(d) **Na tástálacha a chur ar bun**

(i) Déanfaidh an t- oibreoir gairmiúil gach sampla d'ábhar atáirgthe foraoise a thógáil, a phlandú agus a bhainistiú ar an mbealach céanna, a mhéid is féidir de réir na gcineálacha ábhair planda.

(ii) Bunóidh an t- oibreoir gairmiúil gach turgnamh i ndearadh staidrimh bailí le líon leordhóthanach crann, ionas gur féidir meastóireacht a dhéanamh ar shaintréithe aonair gach comhpháirte atá faoi scrúdú.

**(e) Anailís ar na torthaí agus bailíocht na dtorthaí**

(i) Déanfaidh an t- oibreoir gairmiúil anailís ar na sonraí ó thurgnaimh ag úsáid modhanna staidrimh atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus cuirfidh siad na torthaí i láthair le haghaidh gach saintréithe a ndéantar scrúdú uirthi.

(ii) Cuirfear ar fáil go hoscailte an mhodheolaíocht a úsáideadh don tástáil agus na torthaí mionsonraithe a fuarthas.

(iii) Ainmneoidh údarás inniúil an Bhallstáit ina ndearnadh an tástáil an limistéar úsáide molta, agus tabharfaidh sé fógra faoi aon saintréith den ábhar atáirgthe foraoise a d'fhéadfadh teorainn a chur lena úsáideacht.

(iv) Má chruthaítear le linn na dtástálacha nach bhfuil, ar a laghad, saintréithe an bhunábhair ónar táirgeadh an t- ábhar atáirgthe foraoise sin ag an ábhar atáirgthe foraoise, lena n- áirítear go háirithe an fhrithsheasmhacht/láidreacht in aghaidh lotnaidí plandaí de thábhacht eacnamaíoch, ní dheimhneofar ábhar atáirgthe foraoise den sórt sin mar ábhar tástáilte.

2. CEANGLAIS LE hAGHAIDH MEASTÓIREACHT GHÉINITEACH AR NA COMHPHÁIRTEANNA DEN BHUNÁBHAR

(a) Féadfar meastóireacht ghéiniteach a dhéanamh ar na comhpháirteanna den bhunábhar seo a leanas: síolghoirt, máthairchrainn na fine, clóin agus meascáin chlónacha.

**(b) Doiciméadacht**

Beidh gá leis an doiciméadacht bhreise seo a leanas le haghaidh fhormheas an bhunábhair, doiciméadacht ina soláthrófar faisnéis maidir leis an méid seo a leanas:

(i) aitheantas, tionscnamh agus pórlíne na gcomhpháirteanna a bhfuil meastóireacht déanta orthu;

(ii) an dearadh trasach a úsáidtear chun an t- ábhar atáirgthe foraoise a úsáidtear sna tástálacha meastóireachta a tháirgeadh.

**(c) Nósanna imeachta tástála**

Comhlíonfar na ceanglais seo a leanas:

(i) Déanfar meastachán i ndáil le luach géiniteach gach comhpháirte in dhá shuíomh tástála meastóireachta nó níos mó, agus beidh ceann amháin díobh sin ar a laghad i dtimpeallacht atá ábhartha do limistéar úsáide beartaithe an ábhair atáirgthe foraoise.

(ii) Beidh an tréimhse tástála d'fhad leordhóthanach chun go mbeifear in ann na saintréithe tástáilte a léirmhíniú.

(iii) Ríomhfar ardchéimíocht mheasta an ábhair atáirgthe foraoise atá le margú ar bhonn na luachanna géiniteacha sin agus an dearadh trasach sonrach.

(iv) Formheasfaidh an t- údarás inniúil na tástálacha meastóireachta agus na ríomhanna géiniteacha.

**(d) Léirmhíniú**

(i) Ríomhfar ardchéimíocht mheasta an ábhair atáirgthe foraoise in aghaidh daonra tagartha le haghaidh saintréithe nó tacar saintréithe. Saineoidh an t- oibreoir gairmiúil

an daonra tagartha sa chlár pórúcháin agus tabharfaidh sé tuairisc ar an daonra tagartha sin sna tuarascálacha tástála.

(ii) Luafar cé acu atá nó nach bhfuil luach géiniteach measta an ábhair atáirgthe foraoise níos laige ná an daonra tagartha i gcás aon saintréithe tábhachtaí.

3. CEANGLAIS MAIDIR LE TÁSTÁIL CHOMPARÁIDEACH AR ÁBHAR ATÁIRGTHE FORAOISE

**(a) Sampláil an ábhair atáirgthe foraoise**

(i) Beidh an sampla den ábhar atáirgthe foraoise le haghaidh tástáil chomparáideach fíorionadaíoch ar an ábhar atáirgthe foraoise a dhíorthaítear ón mbunábhar atá le formheas.

(ii) Maidir le hábhar atáirgthe foraoise a tháirgtear go gnéasach le haghaidh tástáil chomparáideach:

– buanfar é i mblianta dea- bhláthaithe agus dea- tháirgthe torthaí/síolta, agus

– buanfar é le modhanna lena n- áirithítear go bhfuil na samplaí a fhaightear ionadaíoch.

Féadfar pailniú saorga a úsáid le haghaidh ábhar atáirgthe foraoise den sórt sin a tháirgeadh.

**(b) Caighdeáin**

(i) Beidh eolas ar fheidhmíocht na gcaighdeán a úsáidtear chun críocha comparáideacha sna tástálacha ar feadh tréimhse leorfhada, más féidir, sa réigiún ina bhfuil an tástáil le déanamh. Léirítear sna caighdeáin, i bprionsabal, an bunábhar ar taispeánadh go bhfuil sé úsáideach don chríoch bheartaithe le haghaidh foraoiseachta tráth a dtosaítear an tástáil, agus i ndálaí éiceolaíocha dá bhfuil sé beartaithe chun an t- ábhar atáirgthe foraoise a dheimhniú. Maidir leis na caighdeáin a úsáidtear chun críocha comparáideacha sna tástálacha, a mhéid is féidir:

– clampaí a bheidh iontu a roghnaíodh de réir na gcritéar in Iarscríbhinn III; nó

– bunábhar a bheidh iontu a bheidh formheasta go hoifigiúil le haghaidh tháirgeadh ábhair atáirgthe foraoise den chatagóir 'tástáilte'.

(ii) Maidir le tástáil chomparáideach hibridí saorga, áireofar an dá speiceas de chrainn tuismitheora sna caighdeáin, más féidir.

(iii) Úsáidfear caighdeáin iomadúla aon uair is féidir. I gcás ina mbeidh údar leis, féadfar an t- ábhar atáirgthe foraoise is oiriúnaí a bhfuil tástáil á déanamh air nó meán na gcomhpháirteanna den tástáil a chur in ionad na gcaighdeán.

(iv) Úsáidfear na caighdeáin chéanna sna tástálacha uile thar réimse is leithne de dhálaí suímh is féidir.

**(c) Léirmhíniú**

(i) Léireofar ardchéimíocht staidrimh shuntasach i gcomparáid leis na caighdeáin i gcás saintréith thábhachtach amháin ar a laghad.

(ii) Tuairisceoidh an t- oibreoir gairmiúil más ann d'aon saintréith lena ngabhann tábhacht eacnamaíoch nó tábhacht chomhshaoil lena léirítear torthaí atá i bhfad níos

laige ná na caighdeáin, agus déanfar a n- éifeachtaí a chúiteamh le saintréithe fabhracha.

4. FORMHEAS SEALADACH

Féadfaidh réamh- mheasúnú ar thrialacha óga a bheith mar bhonn faoin bhformheas sealadach. Déanfar athscrúdú ar mhaímh d'ardchéimíocht atá bunaithe ar mheasúnú luath ar eatramh uasta de 10 mbliana.

5. TÁSTÁLACHA LUATHA

Féadfaidh an t- údarás inniúil glacadh le tástálacha plandlann, tithe gloine agus saotharlann le haghaidh formheas sealadach nó formheas deiridh, más féidir a léiriú go bhfuil comhghaolú dlúth idir an tsaintréith thomhaiste agus na saintréithe a ndéantar measúnú orthu de ghnáth i dtástálacha ar chéim na foraoise. Comhlíonfaidh saintréithe eile atá le tástáil na ceanglais a leagtar amach i pointe 3.

## IARSCRÍBHINN VI

## CATAGÓIRÍ FAOINA BHFÉADFAR ÁBHAR ATÁIRGTHE FORAOISE Ó NA CINEÁLACHA ÉAGSÚLA BUNÁBHAIR A MHARGÚ

| Ábhar bunúsach | Catagóir ábhair atáirgthe foraoise (Dath an lipéid, má úsáidtear lipéad oifigiúil daite) | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Sainaitheanta de réir foinse (Buí) | Roghnaithe (Glas) | Cáilithe (Bándearg) | Tástáilte (Gorm) |
| Foinse síl | x | | | |
| Clampa | x | x | | x |
| Síolghort | | | x | x |
| Máthairchrainn na fine | | | x | x |
| Clón | | | x | x |
| Meascán clónach | | | x | x |

## IARSCRÍBHINN VII

### Leasú ar Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031

In Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031, cuirtear isteach na codanna seo a leanas:

‘CUID G

**Pasanna plandaí le haghaidh gluaiseacht laistigh de chríoch an Aontais, i dteannta le lipéad oifigiúil, amhail dá dtagraítear sa dara fomhír d’Airteagal 83(5)**

(1) Beidh na heilimintí seo a leanas sa phas plandaí le haghaidh gluaiseacht laistigh de chríoch an Aontais, i dteannta le comhlipéad leis an lipéad oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 83(5):

(a) na focail ‘Pas Plandaí’ sa chúinne ar thaobh na láimhe deise ar bharr an chomhlipéid, i dteanga amháin de chuid teangacha oifigiúla an Aontais agus i mBéarla, más teanga éagsúil í, scartha le slais;

(b) bratach an Aontais sa chúinne ar thaobh na láimhe clé ar bharr an chomhlipéid priontáilte i ndathanna nó i ndubh agus bán. Beidh an pas plandaí socraithe sa chomhlipéad díreach os cionn an lipéid oifigiúil agus beidh sé ar aon leithead leis an lipéad oifigiúil sin.

(2) Beidh feidhm le pointe (2) de Chuid A dá réir sin.

CUID H

**Pasanna plandaí le haghaidh tabhairt isteach i gcriosanna cosanta agus gluaiseacht laistigh de chriosanna cosanta, i dteannta leis an lipéad oifigiúil, amhail dá dtagraítear sa tríú fomhír d’Airteagal 83(5)**

(1) Sa phas plandaí le haghaidh tabhairt isteach i gcriosanna cosanta agus gluaiseacht laistigh de chriosanna cosanta, le chéile i gcomhlipéad leis an lipéad oifigiúil le haghaidh ábhar atáirgthe foraoise dá dtagraítear in Airteagal 83(5), beidh na heilimintí seo a leanas:

(a) na focail “Pas Plandaí — Crios Cosanta” sa chúinne ar thaobh na láimhe deise ar bharr an chomhlipéid i dteanga amháin de chuid teangacha oifigiúla an Aontais agus i mBéarla, más teanga éagsúil í, scartha le slais;

(b) díreach faoi na focail sin, ainm(neacha) nó có(i)d eolaíoch(a) lotnaid choraintín (lotnaidí coraintín) na gcriosanna cosanta lena mbaineann;

(c) bratach an Aontais sa chúinne ar thaobh na láimhe clé ar bharr an chomhlipéid priontáilte i ndathanna nó i ndubh agus bán.

Beidh an pas plandaí socraithe sa chomhlipéad díreach os cionn an lipéid oifigiúil agus beidh sé ar aon leithead leis an lipéad oifigiúil sin.

(2) Beidh feidhm ag pointe (2) de Chuid B de réir mar is cuí.’

## IARSCRÍBHINN VIII

## Tábla comhghaoil

| Treoir 1999/105/CE ón gComhairle | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1, fomhír 1 |
| Airteagal 2 | Airteagal 3 |
| Airteagal 3(1) | Airteagal 2(1) |
| Airteagal 3(2) | Airteagal 2(5) |
| Airteagal 3(3) | – |
| Airteagal 3(4) | Airteagal 2(4), pointe (c) |
| Airteagal 4(1) | Airteagal 4(1) |
| Airteagal 4(2) pointe (a) | Airteagal 4(2), fomhíreanna 1 go 4 |
| Airteagal 4(2) pointe (b) | Airteagal 4(2), fomhír 7 agus Airteagal 4(3) |
| Airteagal 4(3), pointe (a) | Airteagal 4(4) |
| Airteagal 4(3), pointe (b) | Airteagal 4(5) |
| Airteagal 4(4) | Airteagail 6 agus 18 |
| Airteagal 4(5) | Airteagal 21 |
| Airteagal 5 | – |
| Airteagal 6(1) | Airteagal 5(1) |
| Airteagal 6(2) | Airteagal 5(2) |
| Airteagal 6(3), fomhír 1 | Airteagal 8(1) |
| Airteagal 6(3), fomhír 2 | Airteagal 8(2) |
| Airteagal 6(4) | Airteagal 10(1) |
| Airteagal 6(5), pointe (a) | Airteagal 2(4), pointe (d) |
| Airteagal 6(5), pointe (b) | – |
| Airteagal 6(6) | – |
| Airteagal 6(7) | Airteagal 7 |

GA

| | |
|---|---|
| Airteagal 6(8) | Airteagal 4(6) |
| Airteagal 7 | Airteagal 23 |
| Airteagal 8 | – |
| Airteagal 9 | Airteagal 11 |
| Airteagal 10 | Airteagal 12 |
| Airteagal 11 | Airteagal 13 |
| Airteagal 12 | Airteagal 14 |
| Airteagal 13 | Airteagal 15 |
| Airteagal 14(1), fomhír 1 | Airteagal 16(1) |
| Airteagal 14(1), pointí (a) go (e) | Airteagal 16(4) |
| Airteagal 14(2) go (6) | – |
| Airteagal 14(7) | Airteagal 15(1)(j) |
| Airteagal 15 | Airteagal 17 |
| Airteagal 16 | Airteagal 31 |
| Airteagal 17 | – |
| Airteagal 18 | Airteagal 21 |
| Airteagal 19 | Airteagal 24 |
| Airteagal 20 | – |
| Airteagal 21 | Airteagal 22 |
| Airteagal 22 | Airteagal 5(1)(g) |
| Airteagal 23 | Airteagail 2(2), 4(2), 4(6), 5(3) |
| Airteagal 24 | Airteagal 14(1), 14(5), 16(5), 16(6), 18(4), 21(3), 22(1), 23(1) |
| Airteagal 25 | Airteagal 26 |
| Airteagal 26 | Airteagal 27 |
| Airteagal 27 | – |
| Airteagal 28 | – |

| | |
|---|---|
| Airteagal 29 | Airteagal 32 |
| Airteagal 30 | Airteagal 33 |
| Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn I |
| Iarscríbhinn II | Iarscríbhinn II |
| Iarscríbhinn III | Iarscríbhinn III |
| Iarscríbhinn IV | Iarscríbhinn IV |
| Iarscríbhinn V | Iarscríbhinn V |
| Iarscríbhinn VI | Iarscríbhinn VI |
| Iarscríbhinn VII | Airteagal 8 |
| Iarscríbhinn VIII | Airteagal 14 |


GA